Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Shared Island Initiative




# Óige Ildánach
# Ciste Chothaithe

**Doiciméad Eolais d'Iarrthóirí**

**2026–2028**

# Achoimre

| | Tráthchlár | Maoiniú |
|---|---|---|
| Snáithe A<br>**An Ciste um Chothú** | **Lár 2026 go deireadh 2027** | Tionscadail arna gcur ar fáil in Éirinn ag comhpháirtí atá lonnaithe in Éirinn. Maoiniú €800k in **2026–2027** chun thart ar ocht dtionscadal a chur ar fáil ar uasmhéid de **€100,000** in aghaidh an tionscadail. |
| Snáithe B<br>**An Ciste um Chothú ar Oileán Comhroinnte** | **Lár 2026 go dtí deireadh 2028** | Tionscadail arna gcur ar fáil ar bhonn Oileán Comhroinnte ina bhfuil comhpháirtí amháin lonnaithe in Éirinn agus comhpháirtí eile lonnaithe i dTuaisceart Éireann. €1.5m de mhaoiniú in **2026–2028** chun suas le sé thionscadal a chur ar fáil ar uasmhéid de **€250,000** in aghaidh an tionscadail. |




Isle of Song Creative Youth on a Shared Island. *Íomhá: Alf Harvey*

# Cé atá ag eagrú na gairme deontais seo?

Is clár cultúir agus folláine uilerialtais é Clár Éire Ildánach sa Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt. Tá sé mar aidhm againn daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a athrú ó bhonn trí chruthaitheacht.

Táimid tiomanta don fhís gur cheart go mbeadh deis ag gach uile dhuine teacht in inmhe go hiomlán ó thaobh cruthaitheachta de.

Is iad seo a leanas na spriocanna straitéiseacha atá againn:

- Pobal cleachtais agus rannpháirtíochta a bhunú
- Tuiscint ar luach na cruthaitheachta a chur chun cinn
- Tionchar a thomhas agus fianaise a fhorbairt
- Cruthaitheacht a leabú i mbeartas poiblí



The Glór Dance Project, Creative Youth Nurture Fund. *Íomhá: Davi Matheson*

## Cad é Tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte agus conas a nascann sé leis an Óige Ildánach?

Tá dhá shnáithe sa Scéim seo a chlúdaíonn (A) tionscadail laistigh d'Éirinn agus (B) tionscadail ar bhonn Oileán Comhroinnte. Tá an ghné seo den Oileán Comhroinnte á maoiniú faoi thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Tá sé d'aidhm ag tionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais leas a bhaint as cumas iomlán Chomhaontú Aoine an Chéasta chun comhoibriú, caidreamh agus comhthuiscint a fheabhsú ar an oileán agus dul i mbun rannpháirtíochta le gach pobal agus traidisiún le teacht ar chomhaontú maidir le todhchaí chomhroinnte.

Is iad seo a leanas cuspóirí thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte/Éire Ildánach:

1. Daoine a cheangal lena chéile agus pobail a cheangal lena chéile. Cultúr agus cruthaitheacht a úsáid — go nuálach agus go comhoibríoch — mar straitéis maidir le folláine, nasc sóisialta, nó forbairt eacnamaíoch áitiúil;
2. A chur ar chumas pobail, a bhíonn ag obair le healaíontóirí agus leis na hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha i gcoitinne, taithí a fháil ar an gcruthaitheacht trí lionsa a gcomhghleacaithe, agus soghluaisteacht daoine ar fud an oileáin a chinntiú;
3. Tuiscint phobail agus shibhialta níos leithne a fheabhsú ar luach an chomhaontaithe i measc pobail i dtodhchaí chomhroinnte, trí lionsa na rannpháirtíochta cultúrtha agus cruthaithí;
4. A chinntiú go ndéantar tionscnaimh a phleanáil go comhoibríoch ar bhonn oileán comhroinnte, chun oidhreacht inláimhsithe agus inbhuanaithe a chinntiú amach anseo.

Leanfar le ról Éire Ildánach i dtionscnamh an Rialtais maidir le hOileán Comhroinnte go dtí 2028. Mar chuid de sin, tá sé mar aidhm ag Óige Ildánach tuilleadh deiseanna cruthaitheacha a iniúchadh chun ceangal agus mothú comhroinnte pobail a chruthú, trí rannpháirtíocht i ngníomhaíocht chruthaitheach agus chultúrtha agus rannpháirtíocht le daoine óga agus ar son daoine óga.

Tabharfaidh cláir faoi stiúir na hóige na huirlisí do dhaoine óga chun iad féin a shamhlú mar chomhchruthaitheoirí an athraithe agus nasc cultúrtha agus tús áite a spreagadh agus cabhrú le daoine óga smaoineamh ar an mbrí le maireachtáil ar oileán atá éagsúil agus idirnasctha.



## Éachtaí roimhe seo – Ciste um Chothú Óige Ildánach 2023-25 agus an Scéim Maoinithe don Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte 2024-25

Faoi Phlean Óige Ildánach 2023-2027, forbraíodh tionscnaimh nua chun leanaí agus daoine óga ó chúlraí éagsúla a mhealladh agus tionscadail chruthaitheacha ina raibh ról lárnach acu a chur i gcrích.

Orthu sin bhí:

- An clár píolótach Ciste um Chothú Óige Ildánach 2023 – 2025 a thacaigh le naoi dtionscadal ar rannpháirtíocht chruthaitheach faoi stiúir na hóige, ag díriú orthu siúd ar annamh a gcloistear iad agus atá faoi mhíbhuntáiste. Agus guth na hóige ina gcroílár, d'oibrigh na tionscadail le daoine óga ón Lucht Siúil, iad siúd atá ag lorg cosanta nó stádas dídeanaí, iad siúd a bhfuil riocht sláinte ainsealach orthu, iad siúd sa chóras coinneála óige agus iad siúd atá ag aistriú ón gcóras cúraim, i measc eile. Rinneadh meastóireacht ar an scéim phíolótach agus bhain cuid mhór dá torthaí dearfacha lena héiteas faoi stiúir na hóige, agus tiomantas láidir na bhfoirne tionscadail a chur leis an muinín a bhí riachtanach chun athrú a dhéanamh. Is féidir sonraí faoi na naoi dtionscadal, agus meastóireacht ar a dtionchar, a fheiceáil anseo.
- Trí Thionscnamh Oileán Comhroinnte an Rialtais, thacaigh an scéim maoinithe Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte 2024 – 2025 le sé thionscadal chun leanaí agus daoine óga ó gach cearn d'oileán na hÉireann a thabhairt le chéile chun comhoibriú, tuiscint agus dóchas don todhchaí a chothú trí rannpháirtíocht ghníomhach i dtionscadail chruthaitheacha. Tá sonraí na dTionscadal sin le fáil anseo.




# Cad atá i gceist le cruthaitheacht?

Tá inniúlacht atá sa duine ó nádúr i gceist leis an gcruthaitheacht chomh maith le scileanna a fhoghlaimítear. Tá d'acmhainn san uile dhuine caidreamh agus cur in iúl a dhéanamh ar leibhéal na cruthaitheachta; agus is iomlánú pearsanta ar an duine é an cleachtadh sin. Níl teorainn ar bith leis an gcruthaitheacht mar a chuireann leanaí agus daoine óga sin in iúl agus iad ag samhlú smaointe agus dá gcur i láthair do dhaoine eile. Is é croílár na cruthaitheachta go mbíonn saoirse dul sa tseans, an tsamhlaíocht a thapú agus an dóigh go gcruthófar spraoi, iontas agus gliondar. Chun críocha an Phlean Óige Ildánach, is iad na scileanna agus an iompraíocht is ábhartha ná na cinn a thacaíonn le forbairt agus le foghlaim, amhail fiosracht, acmhainneacht, samhlú, disciplín, agus comhoibriú.

D'fhéadfadh na cineálacha cruthaitheachta do na tionscadail an méid seo leanas a thógáil san áireamh, ach níl teoranta dóibh:

- Anamúlacht
- Ailtireacht
- Réaltacht Bhreisithe/ Fhíorúil/Chumaisc Dearthóireacht (de gach cineál)
- Sorcas
- Códúchán
- Greann
- Cócaireacht
- Cruthaitheacht le Teicneolaíocht Dhigiteach
- Scríbhneoireacht Chruthaitheach
- An Oidhreacht Chultúir
- Damhsa (de gach cineál)
- Design (all kinds)
- Ealaín Dhigiteach
- Cluichí Digiteacha
- Faisean
- Scannánaíocht
- Na hEalaíona Gaeilge
- Litríocht
- Na hEalaíona Ildisciplíneacha
- Múrphictiúir
- Ceol (de gach cineál seánra)
- Na hEalaíona Rannpháirteacha
- Podchraoltóireacht
- Scéalaíocht
- Ealaíona Sráide agus Mórthaibhsiú
- Amharclannaíocht
- Na hEalaíona Traidisiúnta
- Na hAmharc-Ealaíona

Is féidir le tionscadal réimse disciplíní/foirmeacha ealaíne cruthaitheacha éagsúla a úsáid le linn a shaolré.

Elevate Youth Creative Youth Nurture Fund. *Íomhá: Ciara Carroll*

# Cad atá á lorg againn?

Bunaithe ar phríomhphrionsabal rannpháirtíochta na hóige sa chinnteoireacht, is é ceann d'aidhmeanna na Scéime seo tógáil ar rath na scéimeanna píolótacha: An Ciste um Chothú Óige Ildánach 2023-5 agus Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte 2024-5, trí scéim amháin a leathnaíonn a sroicheadh ar fud oileán na hÉireann in **dhá shnáithe:**

**Snáithe A: An Ciste um Chothú 2026-2027**

**Strand B: Nurture Fund: Shared Island 2026–2028**

Ar fud an dá shnáithe, táimid ag lorg tionscadail chruthaitheacha agus chultúrtha a bhíonn ar siúl lasmuigh de shuíomh na scoile agus atá fréamhaithe sa phobal áitiúil. Ba cheart cur chuige cruthaitheach a ghlacadh sna tionscadail sin agus ba cheart go mbeadh siad múnlaithe ag ionchur agus rannpháirtíocht ghníomhach leanaí agus daoine óga. D'fhéadfaí an maoiniú seo a úsáid le haghaidh tionscadail nua nó chun tionscadal nó tionscadal píolótach atá ann cheana a leathnú. Spreagann an scéim comhoibriú idir eagraíochtaí ar féidir leo foireann láidir tionscadail a chur le chéile chun tionscadail chumhachtacha a sheachadadh a éascaíonn idirghníomhaíochtaí ardchaighdeáin idir daoine óga trí thuras cruthaitheach.

- Beifear ag súil go gcuirfidh iarratasóirí cur chuige faoi stiúir na hóige i bhfeidhm, mar shampla tríd an gCreat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht (Aguisín 2) a chur i bhfeidhm, chun cur ar a gcumas tionscadal cruthaitheach a aithint, a fhorbairt agus páirt a ghlacadh ann. Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an oiread gníomhaireachta agus is féidir ag daoine óga i ndearadh an tionscadail.
- Beidh meastóireacht mar phríomhghné den tionscnamh seo chun cabhrú linn réimsí féideartha a aithint le haghaidh forbartha amach anseo – dá bhrí sin **ní mór meastóir a bheith i bhfeidhm ó thús an tionscadail**. Beifear ag súil go nglacfaidh iarratasóirí rathúla páirt sa phróiseas meastóireachta agus go roinnfidh siad a gcuid foghlama. Is é a bheidh i gceist leis sin ná measúnú córasach agus oibiachtúil i dtuarascáil scríofa, a léireoidh rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga. Díreoidh an mheastóireacht sin ar thionchar a thomhas, na príomhnithe a foghlaimíodh a chur i láthair agus inbhuanaitheacht an tionscadail a mheas. Ina theannta sin, ceanglaítear ar thionscadail na Treoirlínte Meastóireachta don Óige Ildánach, a chur i bhfeidhm, agus na foirmeacha meastóireachta réamhthionscadail agus iarthionscadail a chomhlánú.
- D'fhéadfadh meastóireacht an tionscadail cur le taighde ar an bPlean Óige Ildánach foriomlán agus ar Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte a dhéanfar idir 2026-2028. Cuirfear san áireamh ionadaíocht leathan i roghnú na dtionscadal i dtéarmaí grúpaí tosaíochta agus suíomh.

# Maoiniú agus critéir

**Snáithe A: An Ciste um Chothú 2026-2027**

— Tá suas le €800k ar fáil do thart ar ocht dtionscadal a mbeidh suas le huasmhéid €100k san iomlán le cur ar fáil idir 2026 agus 2027.

— Tá sé mar aidhm ag Snáithe (A) an Chiste um Chothú teacht ar ghrúpaí daoine óga "ar annamh a gcloistear iad" (féach Aguisín 3).

— Le ceannaire an tionscadail agus an ghníomhaíocht lonnaithe in Éirinn, tá Éire Ildánach ag lorg comhpháirtithe ar féidir leo oibriú leis na spriocghrúpaí sonraithe seo a leanas de leanaí agus daoine óga **ó bhreith suas go dtí 24 bliana d'aois**, agus iad a mhealladh i dtreo tionscadail chruthaitheacha spreagúla:

- Daoine a bhfuil míchumas fisiciúil nó intleachtúil orthu agus an pobal néara-éagsúil
- Dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn;
- Daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu;
- An pobal LADTA+;
- Pobail an Lucht Siúil agus/nó na Romach;
- Iad siúd laistigh den chóras cúraim nó atá ag aistriú ón gcóras cúraim;
- Iad siúd a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais óige/daoine i bpríosún agus iarchiontóirí; agus
- Iad siúd atá i mbaol ard díothacht shocheacnamaíoch.

**Snáithe B: An Ciste um Chothú: Oileán Comhroinnte 2026-2028**

— Tá suas le €1.5 milliún ar fáil do shé thionscadal, gach ceann acu le huasmhéid de €250k san iomlán le seachadadh idir 2026 agus 2028.

— Ní mór do thionscadail rannpháirtíocht phearsanta ardchaighdeáin a chumasú idir leanaí agus daoine óga ó Éirinn agus ó Thuaisceart Éireann araon, agus comhpháirtí tionscadail amháin ar a laghad lonnaithe i ngach dlínse. Ag aithint go bhféadfadh teagmháil agus rannpháirtíocht am a thógáil chun caidreamh a fhorbairt agus achair gheografacha a shárú, is féidir leis na tionscadail seo tosú in 2026 agus leanúint ar aghaidh go dtí deireadh 2028.

— Ba chóir go mbeadh rannpháirtithe idir **sé bliana d'aois agus 24 bliana d'aois** agus tá sé mar aidhm ag an scéim tacú le dhá thionscadal ar a laghad a dhíreoidh ar chohórt ar annamh a chloistear iad (Aguisín 3).

Cuspóirí an Chiste um Chothú: An tOileán Comhroinnte 2026-2028 (Snáithe B):

- Úsáid a bhaint as an gcultúr agus as an gcruthaitheacht chun naisc duine le duine a chothú idir daoine óga ar fud oileán na hÉireann, agus chun an spás a chur ar fáil d'idirghníomhaíochtaí fiúntacha;
- Tuiscint níos fearr a chur ar fáil maidir le luach an chomhdhearcaidh i measc daoine óga thart ar thodhchaí chomhroinnte agus téamaí coitianta lena mbaineann tábhacht do dhaoine óga a aithint trí chultúr agus cruthaitheacht;
- Daoine óga ar fud réimse pobal a chumasú trí oibriú le healaíontóirí agus leis na hearnálacha cultúir agus cruthaitheachta níos leithne, agus taithí ar an gcruthaitheacht a fháil trí dhearcadh a gcomhpháirtithe;

Aithnímid go mbeidh costais bhreise i gceist le tionscadail an Oileáin Chomhroinnte d'fhoirne tionscadail agus do rannpháirtithe an tionscadail chun taisteal agus fanacht thar oíche mar chuid den tionscadal. Caithfear buiséadú a dhéanamh air sin ag céim an iarratais.

# Gnéithe Éigeantacha an iarratais agus na foirne tionscadail

**Struchtúr/Comhdhéanamh na Foirne**

Ní mór saineolas a bheith ag foireann an tionscadail sna réimsí seo a leanas:

— Ealaíontóirí, cleachtóirí cruthaitheacha nó eagraíochtaí cultúrtha/cruthaitheacha (ceadaítear níos mó ná ceann amháin)

— Bainisteoir Tionscadail

— Tacaíocht do rannpháirtithe (más gá, e.g. oibrí óige, teiripeoir saothair, teiripeoir ealaíne)

— Cuntasóir (nó seirbhísí)

— Meastóir Neamhspleách

**Faisnéis Riachtanach d'Fhaighteoirí Rathúla**

— Déantar Clár Éire Ildánach a riar tríd an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt.

— Ní mór do riarachán an deontais cloí le Ciorclán 13/2014 - Bainistiú agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí an Státchiste. Ba chóir do dheontaithe an ciorclán seo a léamh agus eolas a chur air sula dtosóidh siad.

— Íoctar na deontais go léir ar bhonn caiteachas deimhnithe. Ciallaíonn sé sin go ndéantar méideanna an deontais a fháil ar ais go cúlghabhálach nuair a bheidh costais tabhaithe agus íoctha. Ní mór cruthúnas ar gach idirbheart a bheith ann i bhfoirm admhála agus an íocaíocht a mheaitseáil le hidirbheart ar ráiteas bainc nó ar chóras bainistíochta airgeadais.

— Beidh ar fhaighteoirí rathúla maoinithe an Rialtais Láir Comhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS) a shíniú. Tá sampla ar fáil anseo agus tabharfar breac-chuntas ann ar riachtanais tuairiscithe. Tabhair faoi deara go bhfuil ceanglais rialachais agus tuairiscithe mar chuid den chiste seo ar feadh a ré. Beidh ort a chinntiú go bhfuil sé de chumas ag an bhfoireann tionscadail é sin a bhainistiú.

— Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag Clár Éire Ildánach a bheith ina mhaoinitheoir gníomhach. Beidh an chuma seo a leanas ar ár leibhéal rannpháirtíochta le deontaithe:

- Freastal deontaithe ar imeachtaí forbartha acmhainne agus oiliúna a chuireann Éire Ildánach ar fáil.
- Teagmháil rialta le hÉire Ildánach agus freagairt d'iarratais ar nuashonruithe buiséid, ábhar faisnéise, ábhar cumarsáide agus caidrimh phoiblí, agus sonraí imeachtaí de réir mar a thagann siad chun cinn
- Cuairteanna ar an suíomh agus/nó freastal ar imeachtaí tionscadail. Is cuid riachtanach é seo de thuiscint Éire Ildánach ar chomhthéacs agus ar dhul chun cinn an tionscadail.
- Má mheasann Clár Éire Ildánach gur gá sin, d'fhéadfaí taighde nó meastóireacht a dhéanamh go neamhspleách ar do mheastóir féin chun tacú le do thionscadal nó chun measúnú a dhéanamh air.

# Riachtanais Airgeadais agus Buiséadaithe

**Is féidir an deontas a scaipeadh de réir mar is cuí ar feadh shaolré an tionscadail, ach ní mór caiteachas in aghaidh na bliana a chomhaontú agus an comhaontú deontais á shíniú. Táthar ag súil le réamhaisnéis/caiteachas airgeadais indéanta agus réalaíoch ó gach tionscadal, agus aird á tabhairt ar úsáid chuí an mhaoinithe phoiblí.**

Nuair atá buiséad á chruthú agat, déan cinnte, le do thoil, go bhfuil na táillí aonair agus buiséid an tionscadail pléite ar bhonn foirne. Táimid ag súil go mbeidh an buiséad comhaontaithe agat le comhaltaí go léir na foirne tionscadail sula síneofar an conradh le hÉire Ildánach. Ní mór a chinntiú go bhfuil tuairisc ar na réimsí seo a leanas:

- **Bainistíocht tionscadail** – Ba cheart go gclúdódh an táille seo am na foirne riaracháin (mar shampla chun bainistíocht an tionscadail agus/nó riarachán airgeadais a chlúdach), chomh maith le haon ranníocaíocht i leith forchostais nó aon chostais réasúnacha eile atá riachtanach ó thaobh rannpháirtíochta.
- **Meastóireacht** – Ba chóir an táille seo a chur san áireamh chun an costas a bhaineann le duine aonair/cuideachta neamhspleách a fhostú ón tús chun tionchar an tionscadail/torthaí an tionscadail a mheas.
- **Luach saothair** – Tá buiséad atá trédhearcach agus iomaíoch á lorg againn a íocann daoine aonair agus eagraíochtaí i gceart as a gcuid ama. Ba cheart go mbeadh na táillí d'ealaíontóirí ag teacht le treoirlínte aitheanta tionscail (féach ar an bhfaisnéis ón gComhairle Ealaíon maidir le luach saothair agus conraitheoireacht d'ealaíontóirí).
- **Taisteal agus Cothú** – Buiséadú cuí d'fhoirne agus do rannpháirtithe (lena n-áirítear foireann tacaíochta más gá) chun taisteal agus freastal ar imeachtaí.
- **Ábhar** – Tá suim againn tacú le réitigh ísealcharbóin agus le cleachtas atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus an tionscadal á phleanáil agus á sheachadadh, chomh maith le do roghanna comhpháirtithe agus soláthróirí.
- **Luaineachtaí Ráta FX** – Má dhéanann tú idirbhearta i roinnt airgeadraí.

**D'fhéadfadh na costais eile seo a bheith i gceist:**

- Costais chun ball foirne a cheapadh a bhfuil taithí aige ar rannpháirtíocht na hóige.
- Costais chun grúpa éagsúil daoine óga a thionól chun cur i bhfeidhm na scéime a dhearadh agus a mhaoirsiú.
- Costais doiciméadúcháin.
- Líonrú/taispeáint tionscnamh ar bronnadh maoiniú air trí do scéim.
- Tacaíocht timfhillte ag brath ar riachtanais na rannpháirtithe.
- Costais rochtana, go háirithe do na daoine óga sin a bhfuil riachtanais bhreise acu.

**Cómhaoiniú**

Cuirimid fáilte roimh thionscadail chómhaoinithe – trí chistí poiblí eile, daonchairdeas nó ranníocaíocht ón earnáil phríobháideach. Má tá tú ag fanacht ar chistí ó fhoinse mhalartach, tabhair breac-chuntas air sin i d'iarratas agus cuir san áireamh an tréimhse ama a bhfuiltear ag súil go gcuirfear an toradh in iúl duit, mar go bhféadfadh sé seo tionchar a bheith aige ar achar an tionscadail agus ar riachtanais an bhuiséid.

**Costais neamh-incháilithe**

Tabhair faoi deara go n-áirítear an méid seo a leanas le caiteachas neamh-incháilithe:

- Costais nach mbaineann go díreach leis an tionscadal (lena n-áirítear caiteachas caipitil).
- Costais shiarghabhálacha, m.sh., caiteachas a tharla roimh dháta ceadaithe an tionscadail.
- Iarratais chaipitiúla ar mhaithe le feabhsúcháin tógála ar spásanna agus ar ionaid oibre.
- Iarratais a bhaineann le sraith teilifíse nó feachtas fógraíochta aonair.
- Forchostais bhreise a sháraíonn 15% den bhuiséad iomlán.

# Incháilitheacht

Ba cheart d'iarratasóirí a bheith in ann na nithe seo a leanas a thaispeáint:

- tiomantas do thacú le leanaí agus le daoine óga rochtain a fháil ar chultúr, ar chruthaitheacht agus ar na healaíona. (Féach an sainmhíniú ginearálta thuas);
- conas is féidir leo leanaí agus daoine óga a mhealladh agus tacú leo páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha, ag cur síos ar phlean earcaíochta rannpháirtithe;
- conas a chinnteoidh tú go mbeidh leanaí agus daoine óga i gcroílár na cinnteoireachta i bhforbairt an tionscnaimh ildánaigh ag baint úsáid as an dea-chleachtas atá leagtha amach sa Chreat Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga sa Chinnteoireacht;
- conas a dhéanfaidh tú meastóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas agus ar na torthaí, le hionchur ó na leanaí agus na daoine óga atá i gceist; agus
- cuntas teiste cruthaithe i mbainistíocht tionscadail agus i mbainistíocht airgeadais/cuntasaíochta/buiséadaithe.

Sonrach do Shnáithe A

- conas is féidir leat leanaí agus daoine óga a bhfuil bacainní orthu a mhealladh agus tacú leo maidir le rochtain a fháil ar dheiseanna cruthaitheacha, go háirithe iad siúd laistigh de cheann de na grúpaí tosaíochta atá liostaithe thuas.

Sonrach do Shnáithe B

- conas is féidir leat leanaí agus daoine óga ó phobail ar fud oileán na hÉireann a nascadh agus a mhealladh.



The Glór Dance Project Creative Youth Nurture Fund. *Íomhá: Ciara Carroll*

# Cé ar féidir leo iarratas a dhéanamh?

- I gcás Shnáithe A, ní mór don phríomhiarratasóir a bheith lonnaithe in Éirinn nó oibriú den chuid is mó in Éirinn.
- I gcás Shnáithe B, tá gá le comhoibriú le comhpháirtithe ó Thuaisceart Éireann. Is féidir leis an bpríomhiarratasóir a bheith as Éirinn nó as Tuaisceart Éireann.
- Cuirtear fáilte roimh chomhoibriú le heagraíochtaí agus le comhlachtaí atá lonnaithe lasmuigh d'Éirinn.
- Is féidir le ceanneagraíocht iarratas a dhéanamh ar an dá shnáithe.
- Is féidir eagraíochtaí nó ealaíontóirí a chur san áireamh ar níos mó ná foireann tionscadail amháin.

Táimid ag lorg iarratais chomhoibríocha ó (ach gan a bheith teoranta do):

— Eagraíochtaí óige
— Eagraíochtaí forbartha pobail
— Institiúidí nó eagraíochtaí cultúir agus ealaíon
— Ionaid Acmhainní Teaghlaigh
— Údaráis Áitiúla (ní mar phríomhpháirtí ach mar chuid de chomhpháirtíocht)
— Carthanais Chláraithe nó eagraíochtaí seachbhrabúsacha
— Comhlachtaí agus fondúireachtaí daonchairdiúla agus taighde
— Eagraíochtaí, líonraí, músaeim, gailearaithe agus ionaid ealaíon chruthaitheacha
— Boird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna)
— Fiontair shóisialta
— Cuideachtaí tráchtála gnó

Mar thionscnamh pobail ní féidir le scoileanna páirt a ghlacadh ann, mar sin féin, is féidir le gníomhaíochtaí a bheith ar siúl in áitribh scoile lasmuigh d'uaireanta scoile. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le healaíontóirí agus le heagraíochtaí/institiúidí cruthaitheacha dul i gcomhpháirtíocht le heagraíocht eile a oibríonn go díreach leis na grúpaí daoine óga a bhfuilimid ag iarraidh teacht orthu. Ba cheart go mbeadh iarratasóirí in ann cuntas teiste a léiriú maidir le tionscnaimh atá dírithe ar an óige agus/nó faoi stiúir na hóige a sheachadadh. Cuirtear fáilte roimh chomhordaitheoir Comhpháirtíochta Óige Ildánach Áitiúil Foireann Cultúir agus Cruthaitheachta údaráis áitiúil, nó Oifig Ealaíon agus/nó eagraíocht náisiúnta nó réigiúnach oibre don aos óg.

### Príomhiarratasóir

— Teastaíonn Príomhiarratasóir a dhéanfaidh iarratas thar ceann na gcomhpháirtithe go léir agus a bheidh mar phointe teagmhála lárnach don fhoireann le linn an tionscadail
— Ní mór an cumas a bheith iontu maoiniú deontais a bhainistiú, cuntais iniúchta a tháirgeadh agus cuntas bainc eagraíochta agus seirbhísí cuntasóra a bheith acu.
— Ba chóir duit a chur in iúl go soiléir i d'iarratas cé hiad gach ceann de na comhpháirtithe, a ról sa tionscadal, agus na socruithe rialachais leis an bpríomhpháirtí.

Spreagann an scéim seo tograí comhoibríocha ó chomhpháirtíochtaí idirdhisciplíneacha agus ó fhoirne tionscadail chun tacú go hiomlán le daoine óga ról lárnach a bheith acu sa phróiseas. Is deis í seo teorainneacha a shárú trí chruthaitheacht, smaointe agus peirspictíochtaí úra leanaí agus daoine óga, taithí gairmithe cruthaitheacha agus saineolas na ndaoine atá ag obair i rannpháirtíocht don aos óg, obair don aos óg, míchumas, cuimsiú, oideachas, taighde, meabhairshláinte, riachtanais speisialta, cuimsiú, agus rannpháirtíocht an phobail a thabhairt le chéile.

# Critéir na Meastóireachta

Déanfaidh painéal measúnaithe ar a bhfuil ionadaithe ó Chlár Éire Ildánach athbhreithniú ar na hiarratais ar an ngearrliosta agus beidh ionadaíocht ó dhaoine óga san áireamh.

This is a competitive scheme. Funding is not guaranteed even if shortlisted. The assessment process will take into account geographic spread and diversity across projects.

| Critéar | Marcanna ar Fáil |
| --- | --- |
| Taithí ar oibriú go héifeachtach leis na spriocghrúpaí, leanaí agus daoine óga – áirítear an cumas na rannpháirtithe a earcú agus idirghníomhaíochtaí fiúntacha a éascú. | 25 |
| An tuairim atá taobh thiar den tionscadal agus an cur chuige cruthaitheachta | 25 |
| An cur chuige i leith rannpháirtíocht láidir ó leanaí agus ó dhaoine óga a éascú ó thaobh an tionscadal a fhorbairt agus a chur i gcrích | 20 |
| Struchtúr foirne, rialachas agus féidearthacht | 15 |
| Plean meastóireachta | 15 |
| **Líon Iomlán na Marcanna atá ar Fáil** | **100** |



# Conas Iarratas a dhéanamh ar líne

— Is féidir iarratais a dhéanamh tríd an bhfoirm iarratais ar líne a chomhlánú ag https://creativeireland.submit.com/ tráth nach déanaí ná 1pm, Dé hAoine 27 Feabhra 2026.

— Déanfar na sonraí pearsanta go léir a chuireann tú chugainn mar chuid den phróiseas iarratais, a phróiseáil de réir Pholasaí Cosanta Sonraí na Roinne.

— TABHAIR AR AIRD: Ní chuirfear an méid seo thíos san áireamh:

- Iarratais a fuarthas tar éis an spriocdháta thuas
- Iarratas a chuirtear isteach tríd an bpost, trí ríomhphost, de láimh nó le cúiréir
- Iarratais a bhfuil stádas 'dréacht' orthu ar an dáta agus am deiridh

Is féidir soiléiriú agus ceisteanna a sheoladh idir seo agus Dé hAoine an 13 Feabhra, chuig creativeireland@ccs.gov.ie. Bain úsáid as "Ciste um Chothú Óige Ildánach" i líne ábhair an ríomhphoist ionas gur féidir linn do cheist a dhíriú.

**Úsáid a bhaint as an tairseach iarratais:**

— Cuirfear soiléirithe agus faisnéis bhreise ar fáil ar an tairseach iarratais.

— Agus í á comhlánú, is féidir d'fhoirm iarratais a shábháil mar dhréacht ar an tairseach ar líne agus dul ar ais chuici níos déanaí.

— Más gá duit imeacht ó do leathanach reatha, déan cinnte go bhfuil do dhul chun cinn sábháilte agat.

— Nuair a chuirfear isteach é, gheobhaidh tú ríomhphost ag cur in iúl go bhfuil d'iarratas faighte.

# Amlínte

| Tréimhse | Mionsonraí | Dáta |
|---|---|---|
| **Osclófar an Ciste le haghaidh Iarratais** | Beidh an tairseach d'iarratais ar líne oscailte le haghaidh aighneachtaí. | 1 Nollaig |
| **Seimineár Gréasáin Faisnéise ar líne** | Seisiún eolais ar líne ina mbeidh deis ceisteanna a chur agus freagraí a fháil Cláraigh Anseo. | 15 Nollaig 1-2pm |
| **Seisiún Líonraithe Pearsanta** | Reáchtálfar dhá sheisiún líonraithe pearsanta chun forléargas a thabhairt ar an gciste. Tabharfaidh sé sin deis d'iarratasóirí ionchasacha comhpháirtíochta tionscadail ceisteanna a chur. Tuilleadh sonraí ar fáil trí chlárú (nasc gréasáin)<br>Béal Feirste:<br>Seisiún eolais maidir le deontais Éire Ildánach<br>Baile Átha Cliath<br>Seisiún eolais maidir le deontais Éire Ildánach | Béal Feirste: Dé Céadaoin an 14 Eanáir 2026, The MAC<br>Baile Átha Cliath: Déardaoin an 22 Eanáir 2026, Óstán Ríoga Radisson Blu |
| **Dáta Deiridh Iarratais don Chiste** | Ní bhreithneofar ach iarratais a fhaightear roimh 1.00pm ar an dáta seo. | Dé hAoine an 27 Feabhra |
| **Meastóireacht ar Iarratais** | Déanfaidh an painéal meastóireachta, lena n-áirítear ionadaithe ó Chlár Éire Ildánach agus ó Aonad an Oileáin Chomhroinnte, mar aon le meastóirí neamhspleácha, meastóireacht ar iarratais de réir na gcritéar thuas. | Márta – Aibreán 2026 |
| **Iarratasóirí a chur ar an eolas** | Cuirtear toradh a n-iarratas in iúl do gach iarratasóir. | R2 2026 |

**Measúnú**
Déanfaidh an coiste meastóireachta, lena n-áirítear ionadaithe ó Chlár Éire Ildánach, in éineacht le measúnóirí neamhspleácha, meastóireacht ar iarratais de réir na gcritéar thuas.

**Agallaimh**
D'fhéadfaí glaoch a chur ar iarrthóirí ar an ngearrliosta chun agallaimh leis an gcoiste meastóireachta chun gnéithe dá n-iarratais a shoiléiriú.

**Fógra d'Iarratasóirí**
Cuirfear toradh a n-iarratais in iúl trí ríomhphost d'iarratasóirí ar éirigh leo agus d'iarratasóirí nár éirigh leo.

**Tréimhse le haghaidh Modhnú Tionscadail**
Beidh cruinniú duine le duine ag iarratasóirí rathúla le foireann Éire Ildánach roimh shíniú CLS, inar féidir aon athruithe atá beartaithe a phlé.

**Comhaontuithe Leibhéal Seirbhíse (Conarthaí) a Shíniú**
Beidh ar gach Deontaí CLS a shíniú leis an Roinn chun coinníollacha an mhaoinithe a aontú. Tá CLS samplach ar fáil anseo

**Laethanta Oiliúna agus Forbartha**
Reáchtálfar seisiúin ceardlainne nuair a shíneofar an CLS ina bpléifear topaicí ar nós guth agus rannpháirtíocht na hóige, éascú cruthaitheach agus meastóireacht. Is gá a bheith i láthair chun maoiniú a fháil. Cuirfear soiléirithe agus faisnéis bhreise ar fáil ar an dáta agus an suíomh in am trátha.

# Aguisín 1

## Ábhar Breise Comhroinnte Oileán

### Rialtas na hÉireann

- Tuarascáil Measúnachta Éire Ildánach Oileán Comhroinnte
- Shared Homeplace
- Tuarascáil ar Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte 2024 - Gníomhaíocht ar Oileán Comhroinnte
- Comhoibriú ar Chúram Sláinte ar bhonn Uile-Oileáin: Staidéar Scóipe
- Ráiteas Torthaí Fhóram Óige an Oileáin Chomhroinnte
- Tuarascáil ar Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte 2022 - Gníomhaíocht maidir le Todhchaí Chomhroinnte

### An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta:

- Oileán Comhroinnte; Deis Chomhroinnte: Tuarascáil Chuimsitheach NESC Tuarascáil Uimh. 157 ón gComhairle, Aibreán 2022

### ESRI

- An tOileán á Roinnt: Dúshláin agus deiseanna eacnamaíocha agus sóisialta: Fianaise ó chlár taighde ESRI

### Todhchaí an chomhair trasteorann sna healaíona:

- Treoir Eolais Beartais agus Achoimre Feidhmiúcháin

### Comhairle Contae an Chabháin agus Ollscoil na hÉireann, Baile Átha Cliath:

- Meastóireacht ar luach sóisialta Thionscadal Sláinte agus Folláine Éire Ildánach – Ealaín na Beatha in Iris Idirnáisiúnta um Thaighde Altranais agus Cúram Sláinte
- Acmhainn a Fhorbairt do na Tionscail Chultúrtha: I dTreo Cur Chuige Comhroinnte Oileáin don Damhsa agus don Amharclannaíocht

### Comhairle Contae Dhún na nGall agus Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin:

- Forbairt Lucht Féachana Comhoibríoch

### iCommunity — Fís chun aghaidh a thabhairt ar Dhúshláin ar ár nOileán Comhroinnte:

- An Earnáil Phobail agus Dheonach



Living Legends Creative Youth on a Shared Island. *Íomhá: Deirdre Power*

# Aguisín 2

## Samhail Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí

Tacaítear le Samhail Lundy um Rannpháirtíocht Leanaí trí na nithe seo a leanas:

— Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (1989).

— Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas (2006).

— An Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht.

Is samhail rannpháirtíochta um chearta leanaí atá forbartha ag an Ollamh Laura Lundy, Ollscoil na Banríona atá i gceist anseo, ina gcuirtear treoir ar fáil do chinnteoirí ar na céimeanna atá le glacadh le guth stuama a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht.

Ciallaíonn rannpháirtíocht le cuspóir go mbíonn toradh nó athrú i gceist nuair a bhíonn leanaí agus daoine óga bainteach leis an gcinnteoireacht, nuair a thugtar éisteacht dá dtuairimí agus nuair a chaitear go dáiríre leo. Ar cheann de phríomhphrionsabail Phlean Óige Ildánach 2023–2027 tá, nach mór go mbeidh gníomhaireacht agus guth sa chinnteoireacht maidir lena chur i bhfeidhm ag leanaí agus ag daoine óga. Mar thionscnamh faoi Stiúir na hÓige ní mór go mbeidh daoine óga i gceannas ar phleanáil agus ar chur i bhfeidhm na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó Óige Ildánach ar Oileán Comhroinnte a oiread agus is féidir.

In Éirinn, tacaíonn an Creat Rannpháirtíochta1 le ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí chun a gcleachtas a fheabhsú ó thaobh éisteacht le leanaí agus le daoine óga agus guth a thabhairt dóibh sa chinnteoireacht. Is é Mol na nÓg, atá bunaithe ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, an t-ionad bairr feabhais agus comhordaithe náisiúnta in Éirinn ó thaobh guth a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga sa chinnteoireacht, a thacaíonn le Ranna Rialtais na hÉireann, gníomhaireachtaí stáit agus le heagraíochtaí neamh-Rialtais le fócas faoi leith orthu siúd nach mbíonn le cloisteáil ach go hannamh. Cuireann sé oiliúint, cóitseáil, forbairt, comhairle agus tacaíocht ar fáil d'eagraíochtaí chun éisteacht níos fearr agus feidhmiú níos fearr ar ghuthanna leanaí agus daoine óga.

1 https://hubnanog.ie/participation-framework/

| Space | Voice |
|---|---|
| **CONAS: Spás sábháilte a sholáthar do pháistí lena dtuairimí a chur in iúl.** | **CONAS: Eolas cuí a sholáthar agus ligean do pháistí a dtuairimí a chur in iúl.** |
| — Ar lorgaíodh tuairimí na leanaí?<br>— Ar cuireadh spás sábháilte ar fáil do leanaí lena dtuairimí a chur in iúl gan srian?<br>— Ar tógadh céimeanna chun a chinntiú gur féidir le gach páiste páirt a ghlacadh? | — Ar tugadh an t-eolas atá ag teastáil do leanaí<br>— chun gur féidir leo teacht ar thuairim?<br>— An bhfuil a fhios ag páistí nach gcaithfidh siad páirt a ghlacadh?<br>— Ar tugadh réimse roghanna do leanaí maidir le conas is féidir leo a dtuairimí a chur in iúl? |
| **Lucht Féachana** | **Tionchar** |
| **CONAS: a chinntiú go gcuirtear tuairimí leanaí in iúl do dhuine éigin a bhfuil freagracht orthu éisteacht leo.** | **CONAS: a chinntiú go gcaitear go dáiríre le tuairimí leanaí agus go ndéantar rud éigin fúthu, nuair is cuí.** |
| — An bhfuil próiseas ann le tuairimí na<br>— leanaí a chur in iúl?<br>— An bhfuil a fhios ag leanaí cé a bhfuil a dtuairimí á gcur in iúl dóibh?<br>— An bhfuil an chumhacht ag an duine/ag an bhforas sin cinntí a dhéanamh? | — An ndearna iad siúd a bhfuil an chumhacht acu athrú a dhéanamh machnamh ar thuairimí na leanaí?<br>— An bhfuil nósanna imeachta ann chun a chinntiú go gcaitear le tuairimí na leanaí ar bhealach dáiríre?<br>— Ar tugadh aiseolas do na leanaí agus daoine óga ina mínítear cén fáth a ndearnadh cinntí? |

Fíor 1: Seicliosta maidir le Samhail Gutha
1 https://hubnanog.ie/participation-framework/
Lundy ó thaobh rannpháirtíochta

# Aguisín 3

## Cothromas, Éagsúlacht agus Ionchuimsiú

Sheol an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige agus an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta an Plean Óige Ildánach 2023–2027 nua, i Márta 2023, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Ealaíon na hÉireann.
Tá sé mar aidhm ag Plean Óige Ildánach 2023–2027 leanúint lena chinntiú go bhfuil an chruthaitheacht mar chuid thábhachtach de shaol leanaí agus daoine óga. Chun a gcruthaitheacht a fhorbairt, spreagann sé comhpháirtíocht idir daoine fásta atá ag obair san oideachas, i gcúram leanaí luathbhlianta agus leanaí in aois scoile, obair óige agus pobail agus na seirbhísí tacaíochta ábhartha.

Faoi Alt 31 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Charta an Linbh, tá sé de cheart ag leanaí:

> *“a bheith rannpháirteach go hiomlán sa saol cultúrtha agus ealaíonta agus spreagfaidh páirtithe soláthar deiseanna cuí agus comhionanna le haghaidh gníomhaíochtaí cultúrtha, ealaíonta, áineasa agus fóillíochta”.*

Tá príomhfhócas Phlean nua Óige Ildánach ar dhaoine óga a bhfuil an rochtain is lú acu ar dheiseanna cruthaitheacha.

Tá sé mar aidhm ag *Plean Óige Ildánach 2023–2027* a fhís a bhaint amach trína chinntiú go soláthraítear na deiseanna is fearr is féidir do leanaí agus do dhaoine óga chun bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí cruthaitheachta ar bhealach a thacaíonn leis an gcothromas rochtana is fearr is féidir. Tá an Plean tiomanta do thosaíocht a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga nach gcloistear uathu ach go hannamh agus a bhraitheann leibhéil ísle rannpháirtíochta faoi láthair sa chruthaitheacht, sa chultúr agus sna healaíona, trí bhearta sonracha cothromais, éagsúlachta agus ionchuimsithe a fheidhmiú. Áirítear ar an sainmhíniú atá againn maidir le leanaí nach gcloistear uathu ach go hannamh:

**Creative Youth Plan 2023–2027**

**Leanaí agus Daoine Óga nach gCloistear ach go hAnnamh**
(leanaí agus daoine óga a bhfuil níos lú deiseanna acu agus níos mó constaicí ina saol).

D'fhéadfadh leanaí agus daoine óga a bheith i gceist atá i gcásanna mar seo a leanas:

— Leanaí i gcúram;
— Páirteach sa chóras um cheartas i leith an aosa óig / daoine sa phríosún agus iarchiontóirí;
— Faoi thionchar foréigean teaghlaigh;
— Ó chúlra mionlaigh eitneach;
— Gan dídean nó i mbaol a dteach a chailleadh /maireachtáil i gcóiríocht shealadach / mhí-oiriúnach;
— San ospidéal (iad sin a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu san áireamh);
— Leispiach, Aerach, Déghnéasach, Trasinscneach, Idirghnéasach + (LADTI+);
— Maireachtáil i mbochtaineacht;
— Maireachtáil in iargúltacht tuaithe;
— Ag maireachtáil agus deacrachtaí meabhairshláinte acu;
— Maireachtáil le handúil tuiste;
— Maireachtáil i ngaolmhaireacht theannasach teaghlaigh;
— Gan bheith ar scoil;
— Maireachtáil faoi mhíchumais fhisiciúla agus intleachta;
— Riachtanais speisialta oideachais a bheith acu;
— Más teifigh nó iarrthóirí tearmainn iad;
— Más duine den Lucht Siúil nó den lucht Romach iad;
— Dífhostaithe;
— Cúramóirí óga;
— Daoine óga i bhfeighil teaghlaigh aontuismitheora/cúramóra;
— Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta;
— Fostaithe ar phá íseal;
— Dífhostaithe go fadtéarmach; agus
— Daoine i mbaol aonraithe sóisialta.

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*

An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
Department of Culture, Communications and Sport

Shared Island Initiative


**Clár Éire Ildánach**
An Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt
—
Lána Líosain,
Baile Átha Cliath 2.
D02 R5Y3
—
**@CreativeIrl**
**creative-ireland**
**@creativeireland**
—
www.creativeireland.gov.ie
**creativeireland@ccs.gov.ie**


**#SharedIsland**

**Clúdach:**
Living Legends, Creative Youth on a Shared Island
*Íomhá: Deirdre Power*